



Ollscoil Chathair  
Bhaile Átha Cliath  
Dublin City University



# Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin

2018 - 2019











## Clár Ábhar

OCBÁC - Ag Dul i gCion ar Dhaoine	05
Taighde ar Mhaithe le Timpeallacht Níos Fearr a Chruthú	09
An Fhoghlaim Amach Anseo	13
Ábaltacht OCBÁC	17
Samhlaigh Seo - Bliain a Chaitheamh in OCBÁC	20
An Spás, An Chéad Teorainn Eile	23
Gradaim an Uachtaráin	27
Cruinnithe de chuid an Údaráis Ceannais 2018-2019	30
Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile 2018-2019	32









# AG DUL I GCION AR DHAOINE





Tá áit bainte amach ag OCBÁC i measc na 100 ollscoil is fearr ar domhan mar aitheantas ar an tionchar dearfach a bhíonn aige ar chreatlach shóisialta agus eacnamaíoch na sochaí.

Tháinig OCBÁC san 98ú háit sa chéad rangú tionchair ollscoile a reáchtáladh riamh faoi scáth Ardoideachas Times, rangú atá bunaithe ar thionchar na n-ollscoileanna i dtaca le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGs) na Náisiún Aontaithe. Ardmholadh is ea é seo ar OCBÁC agus a cion féin den obair á déanamh ag an Ollscoil seo go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí chur le taighde aistritheach, rannpháirtíocht, saineolas acadúil agus ceannaireacht ó thaobh na smaointeoireachta de i raon de réimsí sóisialta, eacnamaíocha, agus sibhialta. Ó thaobh na réimsí is mó inár ghnóthaigh OCBÁC aitheantas idirnáisiúnta, luadh an obair atá á déanamh ag OCBÁC. maidir le gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht, sláinte agus folláine.

Ina achoimre ar ghaiscí na hOllscoile, dúirt Ardoideachas Times, "is éacht iontach ann féin é go bhfuil áit bainte amach ag OCBÁC sa rangú seo agus tarraingíonn sé clú ar OCBÁC mar cheannródaí domhanda – rud a léiríonn ní hamháin cé chomh díograiseach is atá an Ollscoil ó thaobh tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí an-múineadh, taighde agus aistriú eolais a dhéantar faoina scáth, ach go mbeidh na spriocanna céanna ina ndlúthchuid de chleachtais, beartais agus nósanna imeachta OCBÁC."

Rangaíodh DCU i 11 cinn de 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGs), agus d'éirigh go maith leis go háirithe sna SDGanna seo a leanas:

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe







Bronnann Sara Montoya ó Coop Cafer, sa Cholóim, an Teastas Cóir-Thrádála de chuid OCBÁC ar an Ollamh MacCraith, Feabhra, 2019.

## SDG 13: Gníomhú ar Son na hAeráide

— Rangú Domhanda Uimh. 28

Áirítear i measc na ngaiscí sa réimse seo an ról a bhí ag an Dr Diarmuid Tormey, Scoil Dlí & Rialtais, agus é ina bhall den shainghrúpa comhairleach maidir le Tionól na Saoránach i leith Athrú Aeráide agus a bhí ina rannpháirtí lárnach maidir le bunú MSc OCBÁC san Athrú Aeráide, Beartas, Meáin agus Socháí. Tá an Ollscoil aitheanta mar Champas Glas freisin ag an gCónaidhm Oideachais Timpeallachta. Tháinig OCBÁC sa 12ú háit ar domhan i measc Campas Inbhuanaithe.

## SDG 12: Ídiú agus Táirgeadh atá Stuama

— Rangú Domhanda Uimh. 42

I measc na rudaí suntasacha bainte amach sa réimse seo bhí OCBÁC ar an gcéad Ollscoil in Éirinn a d'iompaigh go bonn "saor ó phlaisteach" sa bhliain 2018, agus an áit ard atá gnóthaithe go seasta aige sa rangú domhanda de chuid GreenMetric mar Ollscoil atá tiomanta d'infreastructúr atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt.

I measc forbairtí eile tá tiomantas trasdhámh do tháirgí agus seirbhísí a fháil go heiticiúil chomh maith le gealltanais chun táirgeadh atá sábháilte agus inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus cleachtais atchúrsála le béim ar inbhuanaitheacht a chur ar bun.


## SDG 17: Comhpháirtíocht ar Mhaithe leis na Spriocanna a Bhaint Amach

— Rangú Domhanda Uimh. 48

I measc na nithe suntasacha atá bainte amach ag OCBÁC sa réimse seo tá bunú an chéad Ionaid Barr Feabhais d'Éagsúlacht agus d'Ionchuimsiú in Éirinn, an ról a bhí ag an Dr Tanya Ní Mhuirthile sa Ghrúpa Athbhreithnithe maidir leis an Acht um Inscne a Aithint agus reachtaíocht a ritheadh ina dhiaidh sin, agus an ról a bhí ag OCBÁC san Aonad Pobail mar chuid de rannpháirtíocht an phobail.

Le cois na nithe thuas, fuair an Ollscoil marc maith ó thaobh aitheantas láidir a thabhairt do thionscnaimh a chuireann go dearfach le hOideachas ar Ardchaighdeán; Comhionannas Inscne; Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Infreastructúr; Míchothromaíochtaí Laghdaithe; Cathracha Inbhuanaithe agus Pobail agus Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre.









**TAIGHDE AR  
MHAITHE LE  
TIMPEALLACHT  
NÍOS FEARR**



## TAIGHDE AR MHAITHE LE TIMPEALLACHT NÍOS FEARR

Tá taighde faoi scáth OCBÁC ag cur go mór leis an gcaoi ina ndéanaimid monatóireacht ar thruailliú chomh maith le hastaíochtaí carbóin a laghdú agus beartas comhshaoil a chur in iúl.

De réir Innéacs an Phláinéid Bheo de chuid Chiste Domhanda an Fhiadhúlra tháinig laghdú 60% ar líon an fhiadhúlra ó 1970 i leith, laghdú chomh hard le 83% i gcás speicis fionnuisce. Léiríonn an dúshlán mór seo aird an géarghá atá le monatóireacht chruinn a dhéanamh ar bhithéagsúlacht.

Tá foireann taighde ó Institiúid Uisce OCBÁC tar éis leas a bhaint as an teicneolaíocht CRISPR/Cas (a úsáidtear go minic i modhnú géanóim) den chéad uair riamh chun díriú isteach ar aon speiceas amháin san uisce trí thástáil a dhéanamh ar an DNA comhshaoil a shileann agus a ghlanann orgánaigh astú féin isteach san uisce. Beidh tionchar nach beag an bhfionnachtain seo ar na hiarrachtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar bhithéagsúlacht agus leibhéil chaomhnaithe a bhainistiú i dtimpeallachtaí fionnuisce agus muirí. Tá na taighdeoirí den tuairim go gcuireann na torthaí seo ar a gcumas gléas bithbhraiteora iniompartha a chruthú a d'fhéadfai a úsáid i gcomhair staidéar allamuigh.

Is iad an Dr Anne Parle McDermott, an tOllamh Fiona Regan agus Molly-Ann Williams ó Institiúid Uisce de chuid OCBÁC atá i gceannas ar an taighde seo agus iad ag obair i gcomhar le taighdeoirí ó UCD, UCC, Institiúid Foras na Mara agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.

Tá monatóireacht de shagas eile mar chuid lárnach de CityPulse, creatlach digiteach forbartha a d'fhorbair OCBÁC chun an taisteal laethúil a dhéanamh níos eifeachtúla agus níos neamhdhíobhálaí ó thaobh na timpeallachta de. Tá CityPulse in ann méadú a dhéanamh



D'fhorbair an Dr Alessandra Mileo an creat CityPulse i gcomhar le comhghleacaithe ó cheann ceann na hEorpa.

ar mhiniúocht busanna le go mbeadh sí inchurtha don éileamh ag aon am faoi leith, a chur in iúl do choisithe cad iad na bealaí ar a bhfuil an méid is lú de thruailliú aeir agus tiománaithe a chur ar an eolas faoi cad iad na bealaí is fearr le taisteal orthu chun astaíochtaí de choibhéis dé-ocsaíde (CO<sub>2</sub>) a laghdú. Déanann sé é seo trí anailís a dhéanamh ar mhéid ollmhór sonraí, lena n-áirítear tuairiscí den aimsir mar atá sé faoi láthair, an t-eolas is deireanaí maidir le teacht busanna agus traenacha, agus líonraí sóisialta leithéid Twitter. D'fhorbair an Dr. Alessandra Mileo (Scoil Ríomhaireachta OCBÁC; Insight) an creat i gcomhar le comhghleacaithe ó ar fud na hEorpa, agus baineadh triail as in Aarhus sa Danmhairg, i Stócólm sa tSualainn agus i Braşov sa Rómáin. Is féidir le forbróirí leas a bhaint as creat foinse oscailte CityPulse chun aipeanna fóin cliste a dhéanamh.

Ó thaobh gníomhú ar son na haeraíde agus na timpeallachta de, tá níos mó i gceist le hobair thaighdeoirí OCBÁC ná obair a bhaineann leis na disciplíní ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) amháin. Sa Phlean Uile-Rialtais chun Dul i nGleic le hAthrú Aeráide 2019 tarraingíodh aird ar thaighde suntasach a rinne lucht acadúla OCBÁC i Scoil an Dlí agus Rialtais, agus i Scoil na Cumarsáide, taighde a dhéanann machnamh ar conas múnla nua a chruthú chun saoránaigh a ghríosadh chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Tá Tionscadal Taighde na Saoránach faoin Aeráid, arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, idir lámha ag an Ollamh Pat Brereton (Scoil na Cumarsáide), an Dr Diarmuid Torney, an Dr. Laura Devaney agus Martha Coleman (Scoil an Dlí agus Rialtais). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal díriú isteach ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón bplé a rinneadh ar athrú aeráide ag Tionól Saoránach na hÉireann agus an t-eolas seo a úsáid chun ceapadh beartais agus rannpháirtíocht saoránach i leith athrú aeráide a threorú amach anseo, chomh maith le cur leis an eolas atá ann faoi rialachas an athrú aeráide in Éirinn.



## An Taighde i mBeagán Focal

Tá dul chun cinn déanta ag taighde a rinneadh faoi scáth OCBÁC i réimse leathan disciplíní le bliain anuas.

### Tá OCBÁC mar chuid ríthábhachtach de thriail chliniciúil ailse

De bharr taighde a rinneadh ag Institiúid Náisiúnta um Bíteicneolaíocht Cheallach (NICB), tá meascán drugaí chun cóir leighis a chur ar mhná a bhfuil ailse chíce mheiteastatach HER2-dearfach orthu tar éis dul chomh fada le céim na forbartha cliniciúla. Déanann an triail chliniciúil Chéim 1, darb ainm CAROLINE-1, forbairt ar thaighde saotharlainne déanta faoi scáth an NICB a léirigh an tairbhe a bhaineann le druga ar a dtugtar neratinib a mheascadh leis na gnáth-theiripí antashubstainte HER2. Is í Éire an chéad tír le measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an meascán drugaí seo ar mhná a bhfuil ailse chíce mheiteastatach HER2-dearfach orthu.



Tá tús curtha le trialacha cóireála ailse, bunaithe ar thaighde déanta faoi scáth NICB de chuid OCBÁC

### An chéad ionad taighde um Oideachas Luath-Óige riamh in Éirinn

Sa bhliain 2019, seoladh in OCBÁC aréir an chéad ionad taighde riamh in Éirinn dírithe go hiomlán ar Oideachas Luath-Óige. Agus é lonnaithe san Institiúid Oideachais de chuid OCBÁC, tá sé mar aidhm ag an Ionad Taighde na Luath-Óige (ECRC) Éire a chur i gcroílár na léarscáile domhanda i dtaca le Taighde na Luath-Óige de. Cuirfidh an lárionad obair i ndlúthchomhar chun cinn go gníomhach idir thaighde, bheartais agus chleachtas sa réimse, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tagann bunú an lárionaid seo sna sála ar cheapachán an Ollaimh Mathias Urban chun Ollúnacht Dheasumhan Thaighde na Luath-Óige sa bhliain 2017.



Ollamh Jane Suiter

### Ar thús cadhnaíochta maidir le conas dul i ngleic le 'Bréagnuacht'

Tá taighdeoirí ag Institiúid do Thodhchaí na hIriseoireachta agus na Meán (FuJo) de chuid OCBÁC i gceannas ar thionscadal AE €2.4 milliún chun dul i ngleic le ceist na "bréagnuachta". Tá an tionscadal PROVENANCE maoinithe ag clár Fís 2020 an Choimisiúin Eorpaigh agus díreoidh sé ar réitigh a aimsiú a chuirfidh ar chumas daoine idirdhealú a dhéanamh idir fíor-fhaisnéis agus faisnéis atá curtha as a riocht nó ábhar a chruthaítear agus a scaiptear d'aon ghnó chun dul i bhfeidhm ar thuairim an phobail nó chun an fhírinne a cheilt. Is í an Dr Jane Suiter, Ollamh Comhlach ag FuJo a bheidh i gceannas ar PROVENANCE.









AN FHOGHLAIM  
AMACH ANSEO



## AN FHOGHLAIM AMACH ANSEO

Tá réabhlóid ar bun maidir le conas a fhoghlaimimid, an teacht atá ar oideachas agus an tslí ina mbronntar gradaim ar fhoghlaimeoirí, agus tá OCBÁC ar thús cadhnaíochta maidir leis an athrú seo.



I mí an Mheithimh 2019, d'fhógair OCBÁC comhpháirtíocht straitéiseach domhanda leis an ardán foghlama ar líne FutureLearn. Is leis an Ollscoil Oscailte agus an Grúpa Seek i gcomhpháirt é FutureLearn, agus tá breis agus naoi milliún duine cláraithe leis ar fud an domhain.

Tá an comhoibriú seo mar ghné lárnach de phlean na hOllscoile freastal ar fhoghlaimeoirí ar fud na cruinne. Cuireann sé ar chumas OCBÁC réimse de ghearrchúrsaí agus cúrsaí níos faide atá creidiúnaithe a thairiscint – ó mhioncháileachtaí go céimeanna iarchéime atá dírithe ar ghairmithe atá ag obair agus ar fhoghlaimeoirí domhanda. Beidh réimse leathan d'ábhair á múineadh sna cúrsaí seo: ó Intleacht Shaorga go Gaeilge agus Cultúr, go FinTech i gcomhair Ceannairí Gnó.

Léiríonn na figiúirí idirnáisiúnta cé chomh tábhachtach is atá an fhoghlaim dhigiteach sa lá atá inniu ann, agus léiríonn siad na deiseanna atá le tapú i gcomhpháirtíocht le FutureLearn. Sa bhliain 2019, bhí beagnach 30% de mhic léinn ollscoile SAM (os cionn 6 milliún) i mbun staidéir ar líne. Ar bhonn domhanda, meastar gur chláraigh breis agus 80 milliún duine ar fud na cruinne le haghaidh cúrsa saor in aisce ar líne, nó MOOC, trí leas a bhaint as ceann de na hardáin mhóra oideachais dhigitigh agus tagann méadú beagnach faoi dhó air seo nuair a chuirtear san áireamh na hardáin áitiúla ó India agus sa tSín.



Tá teist mhaith ar OCBÁC ar feadh na mblianta as bheith ina cheannródaí maidir le oideachas ar líne



Déanann an chomhpháirtíocht le FutureLearn forbairt ar an dea-theist atá ar OCBÁC le fada an lá ó thaobh oideachais ar líne de. Tá an Institiúid Náisiúnta na Foghlama Digití (NIDL) lonnaithe san Ollscoil, agus a bhuí le cúrsaí Connected” ar líne de chuid OCBÁC tá na mílte mac léinn tar éis céimeanna a bhaint amach trí staidéar a dhéanamh ón mbaile . Tá breis agus 45,000 foghlaimeoir ó 136 tír tar éis páirt a ghlacadh cheana féin sa sraith de ghearrchúrsaí Gaeilge agus Cultúir ar líne de chuid OCBÁC, Fáilte ar Líne, atá óstáilte ar an ardán FutureLearn.

I mbliana, sheol OCBÁC roinnt clár céime máistreacht ar líne agus cumaisc fíor-nuálach, d’fhonn freastal ar an éileamh atá ag fás de shíor in Éirinn le haghaidh saincileanna teicneolaíochta. Áirítear le seo an Mháistreacht san Intleacht Shaorga agus an Mháistreacht in Idirlíon na nEarraí (IoT). Is iad Teicneolaíocht na hÉireann ICT Skillnet agus Teicneolaíocht Éireann Bogearra Skillnet a d’fhorbair na cláir dhá bhliain i gcomhar le OCBÁC. Cuirtear an dá chéim ar fáil ar bhonn páirtaimseartha, thar thréimhse dhá bhliain agus múintear ar líne iad den chuid is mó. Sheol an Ollscoil an chéad Mháistreacht riamh in Éirinn sa Bhlocshlabhra (Teicneolaíochtaí Mórleabhar Dáilte). Tá na cláir dírithe ar ghairmithe TF (Teicneolaíocht Faisnéise) atá ag obair i bPoblacht na hÉireann.



Ar fud an domhain, tá foghlaimeoirí ag baint leasa as ardán ar líne chun uasoiliúint a dhéanamh chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha beatha.









# ÁBALTACHT OCBÁC

## ÁBALTACHT OCBÁC

Tá tionscnamh nua ar bun in OCBÁC agus é mar aidhm aige fáil réidh leis na constaicí a chuireann cosc ar dhaoine óga faoi mhíchumas fostaíocht a fháil



Bhí an t-ionchuimsiú i gcoilár luachanna de chuid OCBÁC riamh anall. Ar cheann de na tionscnaimh is nuaí ag an Ollscoil i dtaca leis seo ná Ábaltacht OCBÁC, a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le daoine óga dul thar na constaicí a sheasann idir iad agus a bheith mar pháirt den lucht saothair. Tá sé mar aidhm ag an gclár é seo a dhéanamh trí chur ar fáil dóibh na deiseanna atá de dhíth le bheith réidh chun ‘tabhairt faoi ghairm bheatha’.

Más duine faoi mhíchumas thú is ceist mhór í an fhostaíocht agus, go deimhin, an dífhostaíocht. Tá sé mar aidhm ag Ábaltacht OCBÁC cosáin fhónta agus saincheaptha a chruthú chun teacht ar oideachas is oiliúint agus a bheidh an infhostaitheacht mar thoradh

orthu, trí leas a bhaint as cur chuige duinelárnach. Cuirtear cláir oiliúna struchtúrtha ar fáil mar chuid den chlár, chomh maith le taithí oibre agus athbhreithnithe chun machnamh a dhéanamh ar cad atá foghlamtha, mar aon le tacaíocht fhadtéarmach agus meantóireacht gairme.

Seoladh an clár i mí na Nollag 2018, chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a chomóradh. Is comhpháirtíocht é idir OCBÁC agus Teach Naomh Mícheál agus tá sé oscailte do dhaoine faoi mhíchumas, idir 18 agus 29 bliain d’aois.





Cuireann seoladh an chláir leis an réimse leathan de thionscnaimh atá ar siúl ag OCBÁC cheana féin chun an t-ionchuimsiú a chothú. Áirítear le seo ainmniú na hOllscoile mar an chéad Ollscoil ar domhan atá curtha in oiriúint do dhaoine a bhfuil uathachas orthu, chomh maith le bheith ar thús cadhnaíochta sa thionscnamh chun ollscoileanna a chur in oiriúint do Dhaoine Breacaosta. Ba í OCBÁC an chéad Ollscoil in Éirinn freisin a ainmníodh mar Ollscoil Sanctuary as ucht tacaíocht agus deiseanna oideachais a chur ar fáil do dhéanaithe agus lucht iarrtha tearmainn.

Déanann an Clár Ábaltacht OCBÁC forbairt ar straitéis Rialtais na hÉireann maidir le daoine faoi mhíchumas. Tá sé mar aidhm aige scileanna a fhorbairt, cur le cumas agus neamhspleáchas daoine, chomh maith le tacú leo agus

Ábaltacht OCBÁC á seoladh (ó chlé go deas) Martin Lyes, Stiúrthóir, Teach Mhichíl; Finian McGrath TD, Aire Stáit do Shaincheisteanna Míchumais; Joanne O'Riordan, iriseoir agus feachtasóir ar son chearta daoine faoi míchumais; An tOllamh Brian MacCraith, Uachtarán de chuid OCBÁC.

bealaí chun na hoibre a éascú dóibh. Tá sé mar aidhm aige freisin tacaíocht agus rannpháirtíocht a mhéadú i measc fostóirí d'fhonn tacú leis an ngrúpa saoránach seo ar bhealach chomhordaithe.



# SAMHLAIGH SEO - BLIAIN A CHAITHEAMH IN OCBÁC

An Taiscéalaí Mark Pollock agus an Clár Eischreatlaí de chuid OCBÁC á sheoladh aige sa Helix i mí Mheán Fómhair 2019 i dteannta an úsáideora seirbhísí Jennifer Hester.



Ambasadóirí na Mac Léinn de chuid OCBÁC i láthair ag seoladh "Rochtain ar an Láthair Oibre", scéim socrúcháin oibre nua forbartha ag lontaobhas Oideachais de chuid OCBÁC agus Seirbhís Rochtana de chuid OCBÁC.




An tOllamh Brian MacCraith ag coinneáil cuideachta le Príomhchóitseálaí Rugbaí na hÉireann Joe Schmidt agus leis an ggraoltóir spóirt Micheál Ó Muircheartaigh tar éis dóibh Dochtúireacht Oinigh de chuid OCBÁC a fháil i mí Aibreáin 2019.



Seinneann an t-amhránaí is scríbhneoir David Keenan i Séipéal All Hallows mar chuid d'Fhéile ANAM 2019.



Déanann mic léinn de chuid OCBÁC ceiliúradh ar Holi, an Fhéile Hiondúch a thugtar Féile na nDathanna nó Féile an Earraigh mar ainmneacha uirthi freisin.



I mí na Samhna 2018, d'fhreastail bean chéile Seamus Heaney, Marie, agus a chlann Christopher Catherine agus Mick ar an seoladh oifigiúil den Léachtlan Seamus Heaney agus bhí siad i láthair chomh maith nuair a nochtadh portráid nua den fhile Colin Davidson ag Campas Phádraig OCBÁC.









**AN SPÁS,  
AN CHÉAD  
TEORAINN EILE**



## AN SPÁS, AN CHÉAD TEORAINN EILE

Is féidir le taighde i ndisciplíní a bhaineann leis an spás an oiread sin a insint dúinn faoin áit as a dtagaimid agus cá bhfuil ár dtriail. Le bliain anuas, tá taighde OCBÁC i réimsí mar theicneolaíocht spáschumarsáide agus réaltfhisic go mór i mbéal an phobail.


I mí na Samhna 2018, chuir OCBÁC athuair roimh an spásaire NASA Shane Kimbrough agus é ag cur a lucht éisteachta faoi dhraíocht lena scéalta faoi thaiscéalaíocht sa spás. D'inis Shane do Helix plódaithe faoi na heachtraí spleodracha agus na dúshláin a bhain dó le linn dó 189 lá a chaitheamh sa spás agus 39 uair an chloig de shiúlóidí spáis a dhéanamh. B'fhéidir nach bhfuil sé chomh contúirteach nó chomh mór i mbéal an phobail le hais mhisean NASA, ach tá cáil OCBÁC méadaithe go mór le blianta beaga anuas mar gheall ar an dul chun cinn mór atá déanta aige i dtaca le taighde agus nuálaíocht a bhaineann leis an spás.

Léiriú ar fhiúntas thaighde na hOllscoile i réimse an spáis ná an bhaint a bhí ag OCBÁC le fionnachtain mhór maidir lenár dtuiscint ar Phoill Dhubha. Tá taighdeoirí ó Lárionad na Réaltfhisice agus na Coibhneasachta (CfAR) de chuid OCBÁC mar chuid d'fhoireann idirnáisiúnta a d'fhorbair múnla go hiomlán nua chun míniú a thabhairt ar cad as a d'eascair na feiniméin rúndiamhra seo.

I measc na ndaltaí ar bhuail Shane Kimbrough leo ag OCBÁC bhí daltaí ó Scoil Bráithre Criostaí Naomh Aodháin, Coláiste Pobail Dhomhnach Bat, agus Ionad do Dhaoine Óga Chumasacha, Éire (CTYI).







Ronan Byrne ó Taoglas, ceann de chomhlachtaí Alpha de chuid OCBÁC ata ag obair ar thionscadail arna thacú ag “Maker Space” de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa

D’oibrigh an Dr John Regan agus an Ollamh Turlough Downes i gcomhar ar an tionscadal in éineacht le taighdeoirí ó Institiúid Teicneolaíochta na Seoirsia, Ollscoil Stáit Mhichigan, Ollscoil California i San Diego, an Lárionad Sár-Ríomhaire San Diego agus IBM.

Nuair a thagann réaltraí le chéile go han-tapaidh, agus go tréan uaireanta, léirigh an fhoireann go bhféadfaí poll dubh ollmhór teacht as seo.

Fágann an teacht le chéile tapaidh de ghás seo nach dtéann cruthú réaltaí ar aghaidh mar a théann de ghnáth agus go n-éiríonn réaltaí i dtús fáis ata le gás te dá bharr. Mar thoradh air seo cruthaítear rud a thugtar réalt “ollmhór” air, rud a chrapann ar a chéile agus a eascraíonn poll dubh ollmhór as. Bhíothas den tuairim le fada an lá nach bhféadfadh poill dhubha ollmhóra a eascairt ach amháin i réigiúin atá bombardaithe ag radaíocht chumhachtach ó réaltraí in aice láimhe ach tá an staidéar seo tar éis an tuiscint sin a iompú bunoscionn.

Chomh maith lena taighde i réimse na Réaltfhisice, aithnítear OCBÁC mar gheall ar a thaighde ar shláinte agus ar fholláine spásairí. I mí na Nollag, d’fhógair Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) go raibh an tOllamh Donal O’Gorman de chuid OCBÁC ceaptha mar bhall de Bhord Leighis ESA. Seo an chéad uair a bhfuil ionadaí ag Éirinn ag an leibhéal seo.

Is fiseolaí aclaíochta é an tOllamh O’Gorman a bhí ag obair leis an ESA agus iniúchadh á dhéanamh aige ar na hathruithe a tharlaíonn sa chorp agus é díomhaoin. Le linn eitilt spáis, tarlaíonn athruithe i gcorp spásairí atá cosúil le dul in aois ach dlús curtha faoi. Tá an obair seo ag cur lenár dtuiscint ar conas is féidir meitibileacht a rialú i micrea-domhantarraingt an spáis agus tá leas á bhaint as an eolas seo freisin chun tuiscint níos fearr a fháil ar dul in aois agus galair a bhaineann le haois ar ár bPláinéad féin.

Idir an dá linn, tá Alpha de chuid OCBÁC, campas nuálaíochta na hOllscoile, éirithe ina áis iontach chun réimse leathan de ghnólachtaí nuathionscanta a bhaineann leis an spás a chur ar bun. Ba ar champas na hOllscoile a dtionóladh imeacht dar teideal ‘Maker Space’ a raibh an-rath air agus ar thacaigh Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus Fiontraíocht Éireann leis. Fréamhshamlacha á bhforbairt ag na comhlachtaí a ghlac páirt ann i réimse na Cumarsáide Satailíte (Satcom) agus i réimse theicneolaíochtaí Idirlíon na nEarraí (IoT). Go dtí seo, tá 8 gcomhlacht Éireannacha tar éis dúshláin atá deartha ag ESA a chur i gcrích agus tá trí cheathrú díobh siúd roghnaithe le haghaidh a thuilleadh obair i gcomhar agus tionscadail leis an ESA. Má éiríonn leo, d’fhéadfadh aon togra a eascraíonn as na tograí seo suas le €1.5 milliún a ghnóthú i bhfoirm maoinithe forbartha teicneolaíochta sa bhreis.





DCU  
President's Awards for Innovation 2019  
Student Category  
Winner: Eva Vanmassenhove  
Addressing Gender in Machine Translation

DCU  
President's Awards for Innovation 2019

DCU  
President's Awards for Innovation 2019  
Winner: ...  
Addressing Gender in Machine Translation



# GRADAIM AN UACHTARÁIN 2019



Faighteoirí Ghradaim an Uachtaráin um  
Nuálaíocht agus Ghradaim an Uachtaráin le  
haghaidh Rannpháirtíocht, 2019.

## Gradaim an Uachtaráin don Nuálaíocht

Ba é an Dr Finbarr O'Sullivan ón Institiúid Náisiúnta um Bíteicneolaíocht Cheallach (NICB) a bhuaigh an Gradam sa Chatagóir Acadúil agus Taighde. Dhírigh an Dr O'Sullivan ina chuid taighde ar conas dul i ngleic le cailliúint radharc na súl, go mór mór conas gaschealla coirne-liombach súile atá saothraithe a úsáid chun dromchla na coirne a athghiniúint d'fhonn cóir leighis a chur ar othair.

I gCatagóir na Mac Léinn, rug an mac léinn Phd, Eva Vanmassenhove an chraobh léi as an obair a rinne sí ar conas dul i ngleic le hidirdhéalú ar bhonn inscne nuair a tharlaíonn sé sa mheaisínáistriúchán.

Fuair an mac léinn Fochéime sna Feidhmchláir Ríomhaire, Kevin Cogan, gradam freisin as ucht a chláir Dyslex-E. Cruthaíonn an feidhmchlár seo timpeallacht ar líne atá neamhdhóbhálach don disléicse ar mhaithe le líon na n-earráidí léitheoireachta ar an scáileán a laghdú, agus d'fhonn luas léitheoireachta agus inrochtaineacht a fheabhsú ó thaobh an úsáideora de.

## Gradaim an Uachtaráin don Rannpháirtíocht

Ba í an Dr Elizabeth Mathews ó Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta an buaiteoir i gCatagóir na Foirne. Tá an Dr Mathews ag obair leis an bpobal bodhar ó 2003 i leith. Le linn di a bheith ag obair le OCBÁC, tá dul chun cinn nach beag déanta ag Dr Mathews ó thaobh B. Oid i Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar bun (an chéad cheann dá leithéid in Éirinn), agus gluais maidir le téarmaí ETIM san ISL a chruthú, mar chuid de thionscadal arna mhaoiniú ag SFI.

Fuair an tOllamh Barry McMullin ó Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí Dámhachtain Fiúntais Speisialta mar aitheantas ar a chuid rannpháirtíochta i réimse an bheartais phoiblí agus an cheannaireacht atá léirithe aige maidir le hathrú aeráide agus inbhuanaitheacht.

Bronnadh Gradam Chatagóir na Mac Léinn ar Austin Campbell (MSc sa Chaidreamh Poiblí [PR] agus sa Chumarsáid Straitéiseach) le haghaidh My Streets - fiontar sóisialta do dhaoine gan dídean a mhúintear thar thrí mhí agus ina bhfaighidh na daoine a ghlacfaidh páirt ann oiliúint sa scéalaíocht agus san fhéinmhuinín, sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus sna scileanna atá riachtanach chun bheith id' threoraí turais, agus an clár ar fad á mhúineadh ag oiliúnaí gairmiúla.

Bronnadh Dámhachtain Fiúntais Speisialta ar Jennifer Harrington (Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta) as a ról maidir leis an innealtóireacht a chur chun cinn i measc na mban trí thionscnaimh mar Chumann na mBan san Innealtóireacht de chuid OCBÁC a chur ar bun agus Lá Oscailte do Mhná san Innealtóireacht a eagrú in OCBÁC.





Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas sa Mhúinteoireacht 2019

## Gradaim an Uachtaráin do Thaighde agus do Thaighde a Théann i gCion

Is iad seo a leanas na daoine a fuair Gradaim an Uachtaráin le haghaidh Taighde sa bhliain 2019:

An **Dr. James J. Walsh** (Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha). Mar aitheantas ar an taighde a rinne sé chun teacht ar mhodh nua chun CO2 san atmaisféar a iompú ina leachtbhreosla, bronnadh Gradam an Uachtaráin do Bhall den Fhoireann Taighde atá ag Tús a Ghairmbheatha ar an Dr Walsh.

**Dr. Jane Suiter** (Scoil na Cumarsáide). Mar gheall ar a taighde ar iriseoireacht sonraí lena n-áirítear saincheistanna ar nós teacht i réim na 'Bréagnuachta', fuair an Dr Suiter Gradam Taighde an Uachtaráin na bliana seo i réimse na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Gnó, Oideachais agus réimsí gaolmhara.

An **tOllamh Gabriel Muntean** (Scoil na hInnealtóireachta Leictreonáí). Maidir le hobair a chuimsíonn taighde chun feabhas a chur ar chumarsáid ar Idirlíon na nEarraí, fuair an tOllamh Muntean Gradam Taighde an Uachtaráin na bliana seo sna hEolaíochtaí Nádúrtha, Sláinte, Innealtóireachta agus réimsí gaolmhara.

Den chéad uair riamh bronnadh Gradam an Uachtaráin do Thaighde a Théann i gCion ag an searmanas freisin. I gcomhthéasc na ndámhachtainí de, is é a thuigtear le "tionchar taighde" ná "tionchar, athrú, nó tairbhe a théann i bhfeidhm ar an ngeilleagar, ar an tsochaí, ar an gcultúr, ar an mbeartas poiblí nó ar na seirbhísí poiblí, ar an tsláinte, ar an gcomhshaol, nó ar cháilíocht na beatha, lasmuigh den saol acadúil. Ba iad na daoine seo a fuair gradaim:

An **tOllamh Kate Irving** (Scoil an Altranais agus na nEolaíochtaí Daonna). Mar aitheantas ar an réimse leathan oibre atá déanta aici agus atá fós á dhéanamh aici i réimse sholáthar seirbhísí néaltraithe agus ceapadh beartais mar gheall air in Éirinn.

An **tOllamh Regina Connolly** (Scoil Ghnó OCBÁC). Mar aitheantas ar thuarascáil a rinne sí don Roinn Talmhaíochta a dhírigh ar níos mó daoine a mhealladh chun leas a bhaint as TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide) chomh maith leis an Deighilt Dhigiteach a Laghdú i measc Pobail Talmhaíochta agus Tuaithe.

## Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas sa Mhúinteoireacht

Dámhachtain um Fheabhas sa Mhúinteoireacht: **Anne Kirwan**, Scoil an Altranais agus na nEolaíochtaí Daonna.

Dámhachtain um Thacaíocht don Mhúinteoireacht **Shirley O'Brien**, Aonad an Oideachais Oscailte/Connected OCBÁC.

Dámhachtain Foirne: Seirbhís Gairmeacha, Tacaíochta agus Forbartha do Mhic Léinn de chuid OCBÁC.

Dámhachtain um Chuir Chuige Suaithinseacha sa Mhúinteoireacht: **An Dr Eabhnat Ní Fhloinn**, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice.

Dámhachtain um Chuir Chuige Suaithinseacha sa Mheasúnú & san Aiseolas: **An Dr David Robbins**, Scoil na Cumarsáide.

Dámhachtain um Chuir Chuige Suaithinseacha sa Mhúinteoireacht: **Paula Murphy**, Scoil an Oideachais Ealaíon agus Luaile

Dámhachtain do Léachtóir/Teagascóir Nua: **Padraig McKeon** (Scoil na Cumarsáide).



Gradaim an Uachtaráin do Thaighde agus do Thaighde a Théann i gCion 2019

# CRUINNITHE DE CHUID AN ÚDARÁIS CEANNAIS

Tionóladh an tÚdarás Ceannais OCBÁC sé huairé le linn 2018/2019 ar na dátaí seo a leanas:

- 25 Mí Dheireadh Fómhair 2018
- 07 Nollaig 2018
- 14 Feabhra 2019
- 25 Aibreán 2019
- 27 Meitheamh 2019
- 05 Meán Fómhair 2019

Is mar seo a leanas a bhí an taifead tinrimh do gach ball den Údarás:



## Ball den Údarás:

## Taifead Tinrimh

An Dr Martin McAleese (Seansailéir)

6/6

An tOllamh Brian Mac Craith (Uachtarán)

6/6

An tOllamh Eithne Guilfoyle

3/6

An Dr Declan Raftery

6/6

Ms. Brid Horan (Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta)

5/6

An tOllamh Dorothy Kenny

6/6

An tOllamh Gary Murphy

4/6

An Dr Caroline McMullan

6/6

An Dr Noel Murphy

5/6

An Dr Jean-Paul Mosnier

6/6

An tUasal Michael Burke

6/6

Ms. Orla Nic Aodha

5/6

Ms. Sharon McCooey

4/6

Ms. Rachel Hussey

6/6

An tUasal John Power (Cathaoirleach Tráchtála OCBÁC)

6/6

Ms. Bernie Gray (Cathaoirleach an Choiste Riosca)

5/6





### Ball den Údarás:

### Taifead Tinrimh

An tUasal Pat Gilroy	3/6
An tUasal Terence O'Rourke (Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh um Airgeadas Straitéiseach)	6/6
Ms. Lynette Fay	2/6
An tUasal James Corcoran	2/6
Ms. Deirdre O'Connor	4/6
An Dr. Mary Shine Thompson	6/6
Ms. Karen Furlong (D'éirigh sí as 14 Feabhra 2019)	3/3
Ms. Vito Moloney-Burke (D'éirigh sí as 25 Aibreán 2019)	4/4
Ms. Aisling Fagan	5/6
An tUasal Peter Brennan (D'éirigh sé an 25 Aibreán 2019)	0/4
Ms. Kara McCann	5/6
Ms. Kathy Quinn	5/6
Ms Christine Farrell (Ceapadh í 27 Meitheamh 2019)	2/2
An tUasal Patrick Rodgers (Ceapadh é 27 Meitheamh 2019)	0/2

# TUARASCÁIL AIRGEADAIS NA HOLLSCOILE

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2019

	2019 € '000	2018 € '000
<b>IONCAM</b>		
Deontais Stáit	50,848	47,300
Táillí ó Mhic Léinn	89,082	88,295
Ioncam Eile	8,106	6,860
	<u>148,036</u>	<u>142,455</u>
Deontais Taighde agus Tionscadail	51,909	49,086
	<u>51,909</u>	<u>49,086</u>
<b>Ioncam Iomlán</b>	<u><b>199,945</b></u>	<u><b>191,541</b></u>
<b>CAITEACHAS</b>		
Saoráidí agus Ranna Acadúla	83,579	78,155
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile	8,409	8,028
Áitribh	12,369	12,364
An Méid atá Leithdháilte Chun Críocha Caipitil	2,682	7,001
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	17,498	15,566
Caiteachas Oideachais Ginearálta	996	1,027
Seirbhísí na Mac Léinn	8,277	7,998
Caiteachas Ilchineálach	14,206	12,305
	<u>148,016</u>	<u>142,444</u>
Deontais Taighde agus Tionscadail	51,909	49,086
	<u>51,909</u>	<u>49,086</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<u><b>199,925</b></u>	<u><b>191,530</b></u>
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Cúlchistí Caipitil agus Deontais agus Dímhéas ar Shócmhainní Seasta	20	11
Dímhéas ar Shócmhainní Seasta	(13,219)	(11,830)
Gluaiseacht um Chúlchiste Ginearálta	13,219	11,830
Barrachas don bhliain	<u>20</u>	<u>11</u>



## AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2019

	2019 € '000	2018 € '000
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>	<u>348,373</u>	<u>357,847</u>
<b>INFHEISTÍOCHTAÍ</b>	<u>1</u>	<u>1</u>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc	26,848	46,030
Taiscí Téarma	74,016	-
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	93,795	86,384
Stoic	<u>208</u>	<u>207</u>
	<u>194,867</u>	<u>132,621</u>
<b>Lúide: DLITEANAIS REATHA</b>		
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhráithe	<u>165,355</u>	<u>152,005</u>
<b>GLANSÓCHMHAINNÍ REATHA/(DLITEANTAIS)</b>	<u>29,512</u>	<u>(19,384)</u>
<b>DLITEANAIS FHADTÉARMACHA</b>		
Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin	<u>75,789</u>	<u>23,818</u>
	<u>302,097</u>	<u>314,646</u>
<b>IONADAITHE AG:</b>		
Cúlchiste Ginearálta	301,707	314,276
Cúlchiste Ioncaim	<u>390</u>	<u>370</u>
	<u>302,097</u>	<u>314,646</u>

Ní chuimsíonn Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile torthaí agus glansócmhainní na ngnóthas fochuideachta.



dcu.ie